

© Adobe Stock: luismolinero

Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí

AN TRÍÚ COMHAIRLIÚCHÁN

# GUTHANNA LEANAÍ I DTACA LEIS AN GCIBEARBHULAÍOCHT

ACHOIMRE AR A NDÚIRT NA LEANAÍ

MEÁN FÓMHAIR 2025

## CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Tá an tAontas Eorpach ag obair ar **Phlean Gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta** chun cuidiú le cibearbhulaíocht a chosc, agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí agus do dhéagóirí atá thíos léi.

D'fhreagair leanaí ar fud an Aontais Eorpaigh suirbhé ar líne i dteangacha uile an Aontais trí Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí.

Roinn siad a dtaithí agus a smaointe, agus thug siad moltaí maidir leis an méid a chuideodh leo an chibearbhulaíocht a thuairisciú agus maidir leis an méid ba cheart do scoileanna, daoine fásta agus ardáin na meán sóisialta a dhéanamh ina coinne.



© Adobe Stock: Zubair



© Adobe Stock: Lifeisbeautiful

## CÉ A BHÍ RANNPHÁIRTEACH?

**6,343** leanbh agus déagóir idir 12 bhliain d'aois - 17 mbliana d'aois ó gach ceann de 27 dtír an Aontais.

**57% CAILÍNÍ,**
**40% BUACHAILLÍ,**
**3% EILE.**

**Tá an-imní ar leanaí faoin gcibearbhulaíocht agus tá siad ag iarraidh níos mó beart ó dhaoine fásta. Chun í a chosc, chun tuilleadh oideachais a chur ar dhaoine fúithi, agus chun cuidiú leo siúd uile atá thíos léi.**

## NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A THEASTAÍONN Ó LEANAÍ!

- Ceangal a chur ar ardáin na meáin shóisialta freagracht a ghlacadh agus gníomhú in aghaidh na cibearbhulaíochta
- Tuairisciú a dhéanamh níos éasca agus léiriú go dtógfar beart
- Páirt a thabhairt do thuismitheoirí agus comhráite oscailte faoin gcibearbhulaíocht a spreagadh
- Feasacht a ardú agus oideachas faoin gcibearbhulaíocht a chur ar fáil
- Cultúr cineáltais agus timpeallachtaí sábháilte a chruthú
- Tacaíocht agus comhairleoireacht a chur ar fáil dóibh siúd atá thíos leis an gcibearbhulaíocht
- Dlíthe cibearbhulaíochta agus déine an phionóis a ghearrtar ina leith a neartú
- Teorainn a chur le rochtain ar na meáin shóisialta do leanaí óga



© European Union

## CAD A CHEAPANN LEANAÍ FAOIN GCIBEARBHULAÍOCHT

- Dúirt formhór na leanaí go gciallaíonn an chibearbhulaíocht rudaí gránna nó mailíseacha a rá i dteachtaireachtaí nó barúlacha
- Dúirt go leor acu freisin gurb í an chibearbhulaíocht rudaí náireacha nó príobháideacha a roinnt gan a iarraidh nó daoine a bheith ag ligean orthu gur daoine eile iad ar líne chun cur isteach ar dhuine éigin nó chun é a ghortú
- Dúirt an chuid is mó acu go ndéanann daoine cibearbhulaíocht ar dhaoine eile le haghaidh spraoi agus airde nó chun a mhothú cumhachtach
- Dúirt an chuid is mó acu go bhfágann an chibearbhulaíocht go mothaíonn daoine brónach, gortaithe, agus uaigneach nó fágtha ar lár



© European Union

## CÉ A BHFUIL AN CHIBEARBHULAÍOCHT FEICTHE AIGE NÓ CÉ A D'FHULAING Í?


- Dúirt leanbh amháin as gach ceathrar go ndearnadh cibearbhulaíocht air
- Tá daoine a bhíonn suarach ar líne feicthe ag go leor leanaí, go háirithe ag déagóirí níos sine
- Ba mhó líon na gcailíní ná líon na mbuachaillí a dúirt go raibh bulaíocht déanta orthu nó feicthe acu
- Cheap an leathchuid de na leanaí go ndéantar cibearbhulaíocht orthu siúd atá 'difriúil' mar gheall ar cé hiad féin, ar an gcuma atá orthu, nó ar an áit dhúchais atá acu

## CUIDIÚ AGUS TACAÍOCHT A FHÁIL

- Rachadh formhór na leanaí chuig tuismitheoir nó chuig cúramóir chun cuidiú a fháil dá ndéanfaí cibearbhulaíocht orthu
- Rachadh leanaí níos sine freisin chuig cara go minic
- Is minice a rachadh cailíní chuig a dtuismitheoirí agus chuig a gcairde ná mar a dhéanfadh buachaillí
- Ní dúirt ach 14% de leanaí go mbainfidís úsáid as líne chabhrach nó as suíomh gréasáin tacaíochta chun cuidiú a fháil
- Ní inseodh 11% de leanaí do dhuine ar bith dá ndéanfaí cibearbhulaíocht orthu

*'Níos mó comhairleoireachta chun cuidiú le híospartaigh agus le bulaithe araon tuiscint a fháil ar an méid atá ag tarlú.'*
(Cailín, 17 mbliana d'aois, an Rómáin)

*'Dá mbeadh a fhios agam nach mise amháin a bhí ann'*
(Freagróir, 16 bliana d'aois, An tSeicia)



© European Union

## AN CHIBEARBHULAÍOCHT A THUAIRISCIÚ

- Tá leanaí ag iarraidh go mbeadh tuairisciú simplí, éasca agus iontaofa - a chinntiú go n-oibríonn sé
- Ba cheart obair leantach a chinntiú – is mian le leanaí a fháil amach agus feiceáil go ndéanfar gníomhaíocht
- Príobháideachas agus cosaint a chinntiú - is mian le formhór na leanaí níos sine go bhfanfadh tuaraiscí príobháideach
- Is mian le cailíní treoir maidir le conas cibearbhulaíocht a thuairisciú níos minice ná is mian le buachaillí
- Is mian le leanaí óga treoir maidir lena bhfuil le déanamh i bhfocail shimplí

*'Córais na meán sóisialta níos soiléire, cnaipí tuairiscithe níos infheicthe, droch-chleachtais a bhrath...'*
(Buachaill, 13 bliana d'aois, an Spáinn)

*'Freagairt a bheith ann go bhfuil an teachtaireacht seo faighte i ndáiríre ag duine éigin agus go bhfuil sé ag féachaint ina diaidh'*
(Cailín, 16 bliana d'aois, an Ghearmáin)


© European Union

## CAD IS MIAN LE LEANAÍ GO NDÉANFADH DAOINE FÁSTA

**BA CHEART DO SCOILEANNA AGUS DAOINE FÁSTA:**

- Rialacha agus iarmhairtí soiléire a bheith acu chun cuidiú le stop a chur leis an gcibearbhulaíocht
- Tacaíocht mhothúchánach a chur ar fáil d'íospartaigh, tacaíocht shíceolaíoch san áireamh, trí labhairt le daoine fásta iontaofa nó le piaraí
- I dteannta a dtuismitheoirí, tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil bulaíocht ar bun acu
- Múineadh faoi chomhbhá agus faoi conas iad féin a iompar go cineálta ar líne, chomh maith le scileanna digiteacha agus sábháilteacht ar líne
- Feasacht a ardú agus leanaí a chumhachtú chun cuidiú leo dul i ngleic níos fearr leis an gcibearbhulaíocht agus déileáil léi
- An chosaint phraiticiúil a mhéadú i gcomhthéacsanna laethúla, ar líne agus as líne araon

**BA CHEART D'ARDÁIN NA MEÁN SÓISIALTA:**

- Freagracht a ghlacadh agus gníomhú in aghaidh na cibearbhulaíochta
- Aird chuí a thabhairt ar an tuairisciú agus tuairisciú a dhéanamh ar an obair leantach
- Córais tuairiscithe níos simplí a cheapadh
- Tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh agus eolas a thabhairt maidir le dea-iompar i dteanga shimplí

*'Pionóis agus treoirlínte a chur i bhfeidhm go héifeachtach (uaireanta is ar pháipéar amháin atá siad )'*
(Cailín, 17 mbliana d'aois, an Pholainn)

*'Tosaíocht a thabhairt do mhúineadh faoi chuidiú le daoine eile agus meas a léiriú orthu, go háirithe orthu siúd atá difriúil, agus áilleacht na ndifríochtaí sin a léiriú'*
(Buachaill, 16 bliana d'aois, an Phortaingéil)

*'Dlíthe níos déine agus foireann daoine atá in ann na dlíthe a fhorfheidhmiú'* (Buachaill, 16 bliana d'aois, an Rómáin)

*'Má fhaigheann tú tuairisc go bhfuil bulaíocht ar bun ag duine áirithe, ba cheart duit dul i mbun fíorghníomhaíochta, e.g. an cuntas a reo ar feadh cúpla lá nó seachtain, nó imscrúdú a dhéanamh ar an staid iomlán.'* (Cailín, 14 bliana d'aois, an Liotuáinie)

## FOGHLAIM TUILLEADH FAOIN ARDÁN AGUS FAOINÁR GCUID OIBRE

## FÉACH AR PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH I GCOINNE NA CIBEARBHULAÍOCHTA

#EUChildParticipation